CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)

Is ceann de na príomhionstraimí airgeadais atá i mbeartas comhtháthaithe an Aontais é Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Is é atá mar aidhm leis ná éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil Eorpach agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú. Tugtar aird ar leith ar réigiúin atá buailte ag míbhuntáistí nádúrtha nó déimeagrafacha diana agus buana, amhail na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús daonra an-íseal iontu chomh maith le réigiúin oileánda, trasteorann agus shléibhteacha.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 174 go 178 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle.

Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006

CUSPÓIRÍ

Foráiltear in Airteagal 176 CFAE go bhfuil sé ceaptha do CFRE rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas Eorpach a cheartú. Is féidir leis é sin a dhéanamh trí thacú le:

— forbairt agus coigeartú struchtúrach ar réigiúin ina bhfuil forbairt ag titim chun deiridh;

— tiontú a dhéanamh ar réigiúin thionsclaíocha atá ag meath.

Tá dhá phríomhsprioc ag CFRE do thréimhse 2014-2020, eadhon:

— infheistíocht le haghaidh fáis agus post — a bhfuil sé mar aidhm léi an margadh saothair agus geilleagair réigiúnacha a neartú;

— Comhar Críochach Eorpach — a bhfuil sé mar aidhm leis comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach a neartú laistigh den Aontas Eorpach.

Leithdháilfear ar thrí chatagóir réigiún na hacmhainní a shannfar don chéad sprioc:

— réigiúin mhórfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 90% de mheán AE;

— réigiúin trasdula, ag a bhfuil OTI per capita idir 75% agus 90% de mheán AE;

— réigiúin bheagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* níos lú ná 75% de mheán AE.

Tacaíonn CFRE freisin le forbairt uirbeach inbhuanaithe. Ní mór ar a laghad 5% de leithdháileadh CFRE do gach Ballstát a chur i leataobh do ghníomhaíochtaí comhtháite ar mhaithe leis an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe a rachaidh i ngleic le dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta a bhuaileann ceantair uirbeacha.

Déantar mionsonraí ar leithdháileadh chistí CFRE agus ar a n-úsáid amach anseo a chinneadh sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta. Is doiciméid straitéise iad sin a dhéanann gach Ballstát a tharraingt suas le cuidiú ó chomhpháirtithe réigiúnacha agus sóisialta.

DÍRIÚ TÉAMACH

Ós rud é go rannchuidíonn CFRE le Straitéis 2020 na hEorpa don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, ní mór dó béim a leagan ar na tosaíochtaí a leagtar amach sa straitéis sin. Is iad na príomhthosaíochtaí ná:

a. taighde agus nuálaíocht;

b. teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide;

c. fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

d. cur chun cinn geilleagair ísealcharbóin.

Bíonn éagsúlacht i méid na béime is gá de réir chatagóir na réigiún a dtugtar tacaíocht dóibh. Ní mór do réigiúin mhórfhorbartha 80% ar a laghad dá n-acmhainní CFRE a leithdháileadh ar dhá thosaíocht díobh sin ar a laghad agus 20% ar a laghad a leithdháileadh ar chur chun cinn an gheilleagair ísealcharbóin. Ní mór do réigiúin trasdula 60% ar a laghad dá n-acmhainní CFRE a leithdháileadh ar dhá thosaíocht díobh sin ar a laghad agus 15% ar a laghad a leithdháileadh ar an ngeilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn. Ní mór do réigiúin bheagfhorbartha 50% ar a laghad dá n-acmhainní CFRE a leithdháileadh ar dhá thosaíocht díobh sin ar a laghad agus 12% ar a laghad a leithdháileadh ar an ngeilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn.

BUISÉAD AGUS RIALACHA AIRGEADAIS

Le linn chlárthréimhse 2014-2020, caithfidh AE níos mó ná EUR 350 billiún ar an mbeartas comhtháthaithe. Is ionann an méid sin agus 32.5% de bhuiséad foriomlán an Aontais. Leithdháilfear tuairim is EUR 199 mbilliún ar CFRE. Áirítear air sin EUR 10.2 billiún do Chomhar Críochach Eorpach (CCE) agus EUR 1.5 billiún de leithdháiltí speisialta do na réigiúin is forimeallaí agus is mó atá tearc i ndaonra.

Tá leibhéal an chómhaoinithe is gá le haghaidh tionscadail a mhaoiníonn CFRE deartha d'fhorbairt na réigiún lena mbaineann. Sna réigiúin bheagfhorbartha (agus na réigiúin is forimeallaí), is féidir le CFRE suas le 85% de chostas an tionscadail a mhaoiniú. Sna réigiúin trasdula, is féidir leis sin a bheith chomh hard le 60% de chostas an tionscadail agus chomh hard le 50% i réigiúin mhórfhorbartha.

TOGRA LE HAGHAIDH BHEARTAS COMHTHÁTHAITHE AE TAR ÉIS 2020

I mí Bealtaine 2018, mhol an Coimisiún Eorpach rialacháin le haghaidh bheartas comhtháthaithe AE tar éis 2020. Áirítear orthu siúd:

— rialachán maidir le CFRE agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe;

— rialachán maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg).

Coinníonn na tograí sin dhá phríomhsprioc reatha CFRE ar siúl: 'Infheistíocht le haghaidh post agus fáis' agus 'Comhar Críochach Eorpach'.

Coinníonn siad díriú téamach ar siúl freisin don dá thosaíocht is tábhachtaí: tacaíocht don nuálaíocht, don gheilleagar digiteach agus do FBManna trí straitéis um speisialtóireacht chliste (PO1); agus geilleagar ísealcharbóin ciorclach níos glaise (PO2). Mhol an Coimisiún Eorpach liosta freisin de na gníomhaíochtaí nach dtabharfar tacaíocht dóibh le CFRE, lena n-áirítear tacaíocht dhíreach do mhórfhiontair, do bhonneagar aerfoirt (seachas sna réigiúin is forimeallaí) agus roinnt oibríochtaí bainistithe dramhaíola (e.g. líonadh talún).

I mí Iúil 2020, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le buiséad fadtéarmach AE do thréimhse 2020-2027. De réir a sheasaimh, i gclárthréimhse 2021-2027, leithdháilfear tuairim is EUR 200.36 billiún ar CFRE (lena n-áirítear EUR 7.93 billiún do CCE agus EUR 1.93 billiún de leithdháiltí speisialta do na réigiúin is forimeallaí).

Tá na rialacháin sin faoi réir an ghnáthnóis imeachta reachtaigh, faoina bhfuil Parlaimint na hEorpa ar comhchéim leis Comhairle an Aontais Eorpaigh. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar an dá institiúid sin teacht ar chomhthoil roimh dheireadh 2020 maidir leis na rialacha do CFRE a bheidh ann amach anseo.

I mí an Mhárta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis na tograí ón gCoimisiún Eorpach.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá Parlaimint na hEorpa ar comhchéim le Comhairle an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le reachtaíocht nua maidir leis na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta a ullmhú. Bhí Rialachán CFRE do thréimhse 2014-2020 faoi réir an ghnáthnóis imeachta reachtaigh, faoina bhfuil cearta iomlána ag an bParlaimint chun modhnuithe a mholadh. Le linn na gcaibidlíochtaí maidir le beartas comhtháthaithe AE do thréimhse 2014-2020, d'éirigh le Parlaimint na hEorpa an tsolúbthacht a mhéadú i dtaca le rialacha maidir le

díriú téarmach agus tosaíochtaí infheistíochta a chur i bhfeidhm. Sa bhreis air sin, tá tacaíocht CFRE do chathracha neartaithe agus tá beartais uirbeacha chomhtháite aici.

Marek Kołodziejski
08/2020